Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14815/19**

**EF 352**
**ECOFIN 1109**
**SURE 61**
**UEM 383**
**ENV 980**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hAontas na Margaí Caipitil a Dhoimhniú (5 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le hAontas na Margaí Caipitil a Dhoimhniú, a ghlac an Chomhairle ag an 3736ú cruinniú a bhí aici ar an 5 Nollaig 2019 sa Bhruiséil.

***CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE***

***maidir le***

***hAontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí uaithi ar an 19 Meitheamh 2015[1] agus ar 10 Samhain 2015[2] a bhaineann le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil a Fhorbairt[3] (Plean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil) chomh maith leis na conclúidí uaithi a bhaineann leis an athbhreithniú meántéarmach ar Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil ón 11 Iúil 2017[4].

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI na céimeanna tábhachtacha a rinneadh agus go háirithe réimse leathan na mbeart reachtach a tugadh i gcrích le blianta beaga anuas agus an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo faoi chuimsiú Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb ionann na bearta sin agus an chéad chéim mhór i dtreo margaí caipitil na hEorpa a dhoimhniú agus ilroinnt na margaí agus bacainní struchtúracha a shárú, agus dá bhrí sin, rannchuideoidh siad go dearfach leis an acmhainneacht maoinithe atá ar fáil laistigh den Aontas agus le cobhsaíocht airgeadais na hEorpa a eascraíonn as comhtháthú níos doimhne agus foinsí cistithe níos éagsúla ar fud an Aontais, araon.

[1] 10148/15
[2] 13922/15
[3] 12263/15
[4] 11170/17

4. Dá bhrí sin, TÁ SÍ AG TNÚTH leis na gníomhartha reachtacha atá fágtha a ghlacadh ar bhealach tráthúil agus le measúnú cúramach a dhéanamh ar éifeachtaí carnacha na mbeart atá curtha i gcrích go dtí seo agus, ar an mbonn sin, leis na bearnaí a shainaithint a bhfuil gá acu le tuilleadh beart agus gníomhaíochta, agus a thábhachtaí atá cobhsaíocht an chreata dhlíthiúil á cur san áireamh.

5. AITHNÍONN SÍ nár comhtháthaíodh margaí caipitil an Aontais go hiomlán go fóill, in ainneoin na mbeart a rinneadh go dtí seo. Tearcfhorbairt atá orthu i roinnt Ballstát agus tá siad go mór taobh thiar i gcomparáid le dlínsí áirithe nach dlínsí de chuid an Aontais iad, rud a chiallaíonn go mbraitear go mór ar chistiú ó bhainc laistigh den Aontas agus go bhfuil rogha níos teoranta ann do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna, d'infheisteoirí institiúideacha agus do thomhaltóirí, agus go bhfuil comhroinnt riosca príobháideach teoranta ann. Dá bhrí sin, tá an réasúnaíocht maidir le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt bailí fós. Tá an riachtanas sin níos tábhachtaí fós mar gheall ar fhorbairtí geopholaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha a tharla ó 2015 i leith.

6. MEASANN SÍ, sa chomhthéacs sin, gur cheart Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú a thuilleadh, agus bheadh margaí caipitil níos forbartha agus níos comhtháite mar thoradh air sin, chun infheistíocht a oscailt do chuideachtaí, go háirithe do FBManna agus chun tacú le riachtanais infheistíochta fadtéarmaí na gcoigilteoirí agus na n-infheisteoirí, lena n-áirítear trí soláthar na dtáirgí infheistíochta margadhbhunaithe a leathnú. Le hAontas na Margaí Caipitil, ba cheart cistiú a chur ar fáil do thionscadail nuálaíocha, táirgí nuálaíocha, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, i gcomhthéacs geilleagar inbhuanaithe a ghlacann leis an digiteáil agus a bhféadfaí tréimhsí níos faide de rátaí úis ísle a bheith mar thréithe aige.

7. Ina theannta sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le margaí caipitil atá forbartha agus comhtháite chun earnáil baincéireachta an Aontais a chomhlánú ó thaobh cistiú a sholáthar, toisc go gcuidíonn siad le meascán cistithe fhiontair an Aontais a éagsúlú, agus leis sin tacaíonn siad le geilleagar na hEorpa. Chomhlánófaí an tAontas Baincéireachta le margaí caipitil leithne, doimhne agus comhtháite, agus rannchuideofaí le córas airgeadais níos éifeachtúla, níos láidre agus níos athléimní agus le cobhsaíocht airgeadais, toisc go méadófaí acmhainneacht ionsúcháin turrainge an Aontais de bharr comhroinnt riosca príobháideach agus bealaí agus foinsí airgeadais trasna teorainneacha a éagsúlú.

8. Agus an dul chun cinn a rinneadh á fhorbairt, agus i gcomhthéacs Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta atá ag doimhniú, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá iarrachtaí beartais a fhorbairt a thuilleadh ó thaobh Aontas na Margaí Caipitil a fhorbairt agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú chun fíorphoitéinseal mhargaí caipitil na hEorpa atá go hiomlán comhtháite éifeachtúil a oscailt.

9. MEASANN SÍ, dá bhrí sin, go bhfuil gá le treochlár chun Aontas na Margaí a dhoimhniú chun na bacainní atá fós ar shaorghluaiseacht caipitil a shainaithint agus a bhaint agus chun margaí caipitil comhtháite, éifeachtúil agus inbhuanaithe ina bhfuil níos mó sreabha trasteorann caipitil a cheadú, rud a théann chun tairbhe gnólachtaí, gan beann ar a méid ná a suíomh, tríd an meascán cistithe a leathnú agus trí chostais a laghdú, ach a théann chun tairbhe na saoránach freisin trí rochtain níos leithne ar dheiseanna infheistíochta iomaíocha, fadtéarmacha agus níos éagsúla a thairiscint dóibh.

10. TACAÍONN SÍ, dá réir sin, leis na prionsabail a leanas ar cheart a bheith mar bhonn taca le hAontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú:

   a) Ba cheart rochtain ar mhaoiniú do chuideachtaí na hEorpa, go háirithe FBManna (lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis) a fheabhsú a thuilleadh,

   b) Maidir le bacainní ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh chaipitil ar fud an Aontais, ar níos mó shreabha trasteorann caipitil agus ar chomhthiomsú leachtachta domhain a chruthú, cibé an eascraíonn nó nach n-eascraíonn siad as an dlí náisiúnta nó rialachán an Aontais, ba cheart iad a shainaithint agus a bhaint fad atá creat cosanta infheisteoirí agus stuamachta láidir á chaomhnú,

   c) Ba cheart dreasachtaí a lorg agus bacainní a bhaint ionas go mbeidh coigilteoirí miondíola atá go maith ar an eolas in ann infheistíocht a dhéanamh i margaí caipitil, go háirithe i dtáirgí infheistíochta fadtéarmaí, agus ardleibhéal comhréireach cosanta infheisteoirí agus tomhaltóirí agus ardchaighdeáin maoirseachta cóineasaithe á gcoinneáil,

d) An t-aistriú chuig geilleagair inbhuanaithe, ba cheart dó a bheith ina ghné thábhachtach d'Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú agus ba cheart don Aontas tacaíocht ghníomhach a thabhairt dó,

e) Ba cheart glacadh leis na tairbhí agus na deiseanna a eascraíonn as dul chun cinn teicneolaíoch agus digiteáil toisc go rannchuidíonn siad le margaí caipitil níos éifeachtaí, níos cuimsithí agus níos iomaíche ar fud an Aontais; ag an am céanna, ba cheart na rioscaí a eascraíonn as dul chun cinn den chineál sin a chur san áireamh agus a bhainistiú go hiomchuí,

f) Ba cheart iomaíochas domhanda mhargaí caipitil an Aontais a neartú, agus margaí agus éiceachórais áitiúla á bhforbairt mar chodanna lárnacha de Mhargadh Caipitil Eorpach atá comhtháite, oscailte, domhain agus leachtach. Ba cheart go gcuideodh sé sin le ról idirnáisiúnta an Euro a mhéadú agus le feabhas a chur ar na naisc le margaí caipitil domhanda.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, mar ábhar tosaíochta, bealaí a lorg chun rochtain ar mhaoiniú a mhéadú d'fhiontair Eorpacha agus go háirithe do FBManna, trí chur chuige spriocdhírithe, chun margaí cothromais a spreagadh chun claontacht fiachais atá ann cheana a laghdú san Aontas Eorpach.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé sreabha airgeadais trasteorann a éascú d'fhonn acmhainneacht ionsúcháin turrainge an Aontais agus dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bacainní struchtúracha nó dlíthiúla atá ann fós ar mhaoiniú cothromais agus fiachais trasteorann a shainaithint mar aon le bealaí chun bacainní den chineál sin ar infheistíochtaí trasteorann a laghdú nó a bhaint.

13. AITHNÍONN SÍ, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá na margaí agus na héiceachórais áitiúla atá ina gcodanna lárnacha de mhargadh caipitil an Aontais atá comhtháite, domhain agus leachtach agus SPREAGANN SÍ go leanfar le dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh na hiarrachtaí chun bonneagair an mhargaidh a neartú agus chun soláthar mionsonraí trádála comhdhlúite a áirithiú chun tacú le bonn leathan d'infheisteoirí áitiúla, Eorpacha agus idirnáisiúnta chun leachtacht agus doimhneacht an mhargaidh a mhéadú.

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR freisin, mar ábhar tosaíochta, gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit bealaí a shainaithint chun níos mó tomhaltóirí a chumasú agus a dhreasú chun páirt a ghlacadh go díreach nó go hindíreach i margaí caipitil chun coigiltis fhadtéarmacha a mhéadú agus, ag an am céanna, cosaint leormhaith infheisteoirí agus tomhaltóirí agus maoirseacht ar mhargaí caipitil a áirithiú agus muinín an phobail sna margaí caipitil a fheabhsú, *inter alia* trí litearthacht airgeadais tomhaltóirí a fheabhsú ar fud an Aontais agus MEASANN SÍ, i ndáil leis sin, gur cheart rochtain ar réimse níos leithne deiseanna infheistíochta, faisnéis shoiléir agus seirbhís ar ardchaighdeán a bheith ar fáil a bheith ar chlár oibre Aontais na Margaí Caipitil i gcónaí.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an nuálaíocht, an teicneolaíocht agus an digiteáil a chothú laistigh den earnáil airgeadais mar thosaíocht agus an gá atá le creat rialála atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus TÁ SÍ AG TNÚTH leis an gCoimisiún, leis an gComhairle agus leis na hÚdaráis Eorpacha Maoirseachta cur chuige a shaothrú a bheadh comhordaithe ar fud an Aontais agus, i gcás inar féidir, a bheadh comhordaithe ar bhonn domhanda maidir le criptea-shócmhainní, lena n-áirítear "stablecoins" domhanda, agus maidir le teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte agus téacschomharthú, rochtain oscailte ar shonraí agus ar chomhéadain clár feidhmchlár, intleacht shaorga, éascaitheoirí nuálaíochta, cibear-athléimneacht agus athléimneacht oibríochtúil, úsáid na teicneolaíochta nua agus na sonraí a chumadh go cuí i ndáil le rialú airgeadais chomh maith le maoirseacht.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR freisin gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit bealaí a lorg chun maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh trí fhaisnéis iontaofa, inchomparáide agus ábhartha a chur ar fáil maidir le rioscaí, deiseanna agus tionchar inbhuanaitheachta laistigh den Aontas.

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, ar deireadh, go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun neamhspleáchas airgeadais an Aontais agus iomaíochas domhanda a mhargaí caipitil a chosaint, agus a n-oscailteacht á coinneáil ag an am céanna.

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sraith príomhtháscairí feidhmíochta atá sainithe go soiléir, oibiachtúil, spriocdhírithe, éifeachtach agus leordhóthanach a thíolacadh faoi dheireadh 2020, na Ballstáit a chur ar an eolas maidir leis na táscairí sin, agus tuairisc rialta, cuimsitheach maidir le dul chun cinn Aontas na Margaí Caipitil a thabhairt ar bhonn na bpríomhtháscairí feidhmíochta sin.

19. Thairis sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta a leagtar amach san Iarscríbhinn a mheas agus a fhiosrú, agus bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bearta breise a shainaithint, chomh maith le bearta a glacadh cheana a chur san áireamh, ina chuid oibre ar Aontas na Margaí Caipitil amach anseo, go háirithe i ndáil leis an bhFóram Ardleibhéil a cuireadh ar bun chuige sin, chun dul i gcomhairle go dlúth leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha sula ndéanfaidh siad aon bhearta, chun tuairisc a thabhairt gach bliain, bunaithe ar na príomhtháscairí feidhmíochta, i ndáil leis an dul chun cinn a dhéanfar maidir le hAontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú agus plé ar shaincheisteanna Aontas na Margaí Caipitil a éascú, go háirithe i gcásanna ina n-iarrtar ar na Ballstáit gníomhú.

Iarscríbhinn: Bearta

| Prionsabal/Cuspóir | Bearta a bhfuil measúnú agus iniúchadh le déanamh orthu | Freagracht |
|---|---|---|
| **Rochtain mhéadaithe ar mhaoiniú cothromais agus fiachais d'fhiontair an Aontais, go háirithe FBManna** | Measúnú a dhéanamh, ar bhealach cuimsitheach, trasearnálach, ar rialáil na margaí caipitil faoi láthair<br>- d'fhonn réimsí a shainaithint ina ndéanfaí an méid seo a leanas:<br>  - údar le rialacha níos comhchuibhithe ar leibhéal an AE,<br>  - d'fhéadfaí costas an chomhlíonta agus an t-ualach riaracháin a laghdú a thuilleadh gan cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol,<br>  - d'fhéadfaí comhréireacht, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas an chreata agus rialáil níos spriocdhírithe a áirithiú le béim ar leith ar FBManna (mar shampla, trí athbhreithniú a dhéanamh ar chóras MiFID II le haghaidh dreasachtaí i ndáil le taighde FBManna), ach gan a bheith teoranta dóibh,<br>- chun cinneadh a dhéanamh an bhféadfaí pointe rochtana leictreonaí Eorpach d'fhaisnéis airgeadais cuideachtaí a shuiteáil chun níos mó trédhearcachta a chruthú d'fhiontair Eorpacha rannphháirteacha agus, go háirithe, do FBManna,<br>- chun cuardach a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:<br>  - bealaí chun costais liostaithe FBManna a laghdú agus deiseanna chun foráil a dhéanamh do thacaíocht liostaithe FBManna,<br>  - bealaí chun infhaighteacht, caighdeánú agus inchomparáideacht na faisnéise faoi FBManna a dhreasú, go háirithe maidir le táirgeadh agus infhaighteacht taighde agus measúnú riosca creidmheasa do FBManna,<br>  - bealaí chun cistí cothromais príobháideacha tras-earnálacha uile-Eorpacha (roimh TTP agus iar-TTP) a chruthú atá dírithe ar FBManna (lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis), agus, i gcás inar gá, bealaí chun cistí an Aontais a threorú, lena n-áirítear trí InvestEU, chuig réimsí tosaíochta tríd an gcomhinfheistíocht,<br>- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ar | An Coimisiún/ ÚMEanna |

| | | |
|---|---|---|
| | chomhsheasmhacht na sainmhínithe FBM atá ann cheana,<br>- láimhseáil rialála, atá leordhóthanach ó thaobh riosca de, na n-infheistíochtaí fadtéarmacha (e.g. i ndáil le Sócmhainneacht II, Basel III a thrasuí),<br>- measúnú a dhéanamh ar bhearta chun éiceachórais airgeadais áitiúla a fhorbairt, amhail saincheisteanna maidir le hinnéacs an mhargaidh, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin,<br>- anailís a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le hinfheistíocht fhadtéarmach in aicmí sócmhainní neamhleachtacha, go háirithe caipiteal fiontair agus cothromas príobháideach,<br>- measúnú a dhéanamh i dtaobh lipéid an Aontais a bhunú a bhaineann le FBManna d'fhonn feabhas a chur ar a gcoinníollacha cistiúcháin, lena n-áirítear "cistí infheistíochta FBManna", "Nótaí Urraithe Eorpacha FBManna", "urrúsú FBManna" agus cistí tionscnaimh iasachtaí. | |
| **Deireadh a chur le bacainní struchtúracha agus dlíthiúla do shreabha trasteorann méadaithe caipitil** | Measúnú a dhéanamh, ar bhealach trasearnálach, ar bhacainní struchtúracha agus dlíthiúla atá ann cheana agus réitigh éifeachtúla agus indéanta a shainaithint, mar shampla dea-chleachtais a bhailiú agus a roinnt, cleachtaí tagarmharcála, prionsabail a fhorbairt le haghaidh tuilleadh comhchuibhithe spriocdhírithe, nó bearta eile lena dtacaítear le cóineasú agus éifeachtacht na gcóras náisiúnta, go háirithe sna réimsí seo a leanas:<br>- dlíthe na dócmhainneachta,<br>- dlíthe corparáideacha,<br>- dlíthe na n-urrús agus<br>- nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí.<br><br>Ina theannta sin, bealaí a lorg chun sreabha trasteorann caipitil a éascú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>- tacú le feithiclí cistí infheistíochta ar fud an Aontais a bhunú chun gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis a mhaoiniú,<br>- margaí bannaí corparáideacha an Aontais a neartú,<br>- an córas urrúsúcháin a athbhreithniú agus a leasú,<br>- inaistritheacht trasteorann táirgí airgeadais agus rochtain orthu a chur chun cinn,<br>- machnamh a dhéanamh ar phointe aonair iontrála i gcomhair faisnéis d'infheisteoirí,<br>- foráil maidir le sonraí trádála comhdhlúite a áirithiú, | An Coimisiún/na Ballstáit/ ÚMEanna |

| | | |
|---|---|---|
| | - cóineasú maoirseachta agus comhar maoirseachta méadaithe a chothú trí na huirlisí atá ann cheana, lena n-áirítear maidir le soláthar seirbhísí airgeadais ar líne agus trasteorann,<br>- cosaint leordhóthanach infheisteoirí a áirithiú. | |
| **Rannpháirtíocht mhiondíola a mhéadú** | - Litearthacht airgeadais (le haghaidh infheisteoirí miondíola agus FBManna araon) a chur chun cinn agus malartú dea-chleachtas agus tuairimí maidir le bearta náisiúnta i ndáil leis sin a éascú,<br>- trédhearcacht agus ardchaighdeáin faisnéise a áirithiú maidir le táirgí infheistíochta agus eisitheoirí araon, ionas go mbeidh tomhaltóirí in ann cinntí eolasacha a dhéanamh,<br>- measúnú a dhéanamh ar na rialacha reatha maidir le nochtadh d'fhonn faisnéis atá neamhleanúnach nó dothuigthe a dhíothú,<br>- a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis soiléir, gonta, intuigthe, comhréireach agus nach mbeidh sí iomarcach ná forluiteach ó thaobh cainníochta nó ábhair de,<br>- machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun costais a laghdú a thuilleadh do chliaint mhiondíola chun páirt a ghlacadh i margaí caipitil trí chomhairle infheistíochta inacmhainne agus ar ardchaighdeán a chur chun cinn,<br>- oiriúnacht, inchomparáideacht agus inrochtaineacht mhéadaithe táirgí infheistíochta éagsúla, lena n-áirítear táirgí infheistíochta fadtéarmaí, a chur chun cinn,<br>- ardchaighdeáin mhaoirseachta agus forfheidhmiú beart maoirseachta agus smachtbhannaí a áirithiú, go háirithe maidir le rialacha cosanta infheisteoirí agus tomhaltóirí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,<br>- scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí cosaint infheisteoirí a bheith meáite nó díréireach i ndáil leis na rioscaí lena mbaineann agus más amhlaidh an cás, na nithe seo a leanas a mheas:<br>    - catagóirí nua infheisteoirí leathghairmiúla nó gairmiúla a thabhairt isteach,<br>    - barrfheabhsú a dhéanamh ar na ceanglais le haghaidh ionstraimí simplí airgeadais i gcás ina mbeidh sé sin comhréireach agus ina mbeidh bonn cirt leis,<br>- measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le scéim sochair fostaithe agus ar na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun í a chur chun cinn. | An Coimisiún/na Ballstáit/ÚM Eanna |

| | | |
|---|---|---|
| **Aistriú chuig geilleagair inbhuanaithe** | - Machnamh a dhéanamh ar chur chuige chun bannaí glasa a fhorbairt agus a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon,<br>- machnamh a dhéanamh ar chaighdeán tuairiscithe neamhairgeadais Eorpach a fhorbairt, agus tionscnaimh idirnáisiúnta á gcur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar nochtadh a bhaineann leis an aeráid (d'fhonn ailíniú sreabha infheistíochta le Comhaontú Pháras a chur chun cinn),<br>- measúnú a dhéanamh ar chreat a thabhairt isteach le haghaidh rátálacha inbhuanaitheachta,<br>- infheistíochtaí fadtéarmacha san aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a éascú, ag díriú go háirithe ar na bonneagair is gá. | |
| **Dul chun cinn teicneolaíoch agus digiteáil** | - Digiteáil agus nuálaíocht a chur chun cinn san earnáil airgeadais i gcomhréir le prionsabal "na gníomhaíochtaí céanna, na rioscaí céanna, na rialacha céanna", lena n-áirítear measúnú riosca cuí agus cleachtais bhainistithe i ndáil le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus leibhéil leordhóthanacha comhréireachta á n-áirithiú ag an am céanna,<br>- a áirithiú go mbeidh an rialáil atá ann cheana agus an rialáil nua neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus nach gcuirfidh sé bac neamhriachtanach ar réitigh nuálacha teicneolaíochta a fhorbairt,<br>- bealaí a lorg chun leas a bhaint as an dul chun cinn teicneolaíoch agus na tairbhí a eascraíonn as digiteáil chun na hualaí nochta agus tuairiscithe a laghdú agus chun éifeachtúlacht maoirseachta a mhéadú,<br>- tacú le digiteáil na seirbhísí airgeadais chun bealaí nua rochtana trasteorann a oscailt do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí, trí bhacainní agus costais idirbheart a laghdú,<br>- gach iarracht a dhéanamh chun comhordú domhanda a bhaint amach maidir le criptea-shócmhainní, lena n-áirítear "stablecoins" domhanda mar a thugtar orthu, i bhfianaise na rioscaí agus na gcostas sóisialta a bhaineann leo. | |